Déardaoin 20. Eanáir 2022

P9_TA(2022)0009

Neamhagóid i dtaobh gníomh tarmligthe: ceanglais bhreise do na Ballstáit ina bPleananna Straitéiseacha CBT do 2023-2027 agus rialacha maidir le caighdeán 1 GAEC

Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa maidir le gan aon agóid a dhéanamh i gcoinne rialachán tarmligthe ón gCoimisiún an 7 Nollaig 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le ceanglais bhreise maidir le cineálacha áirithe idirghabhála arna sonrú ag na Ballstáit ina gcuid Pleananna Straitéiseacha CBT le haghaidh na tréimhse 2023 go 2027 faoin Rialachán sin mar aon le rialacha maidir leis an gcóimheas i dtaca le caighdeán 1 maidir leis an dea-riocht talmhaíochta agus comhshaoil (DRTC) (C(2021)09115 – 2021/3008(DEA))

(2022/C 336/13)

Tá Parlaimint na hEorpa,

— ag féachaint don rialachán tarmligthe ón gCoimisiún (C(2021)09115),

— ag féachaint do litir ón gCoimisiúin an 7 Nollaig 2021 ag iarraidh ar Pharlaimint na hEorpa a dhearbhú nach ndéanfaidh sí aon agóidí i gcoinne an rialacháin tharmligthe,

— ag féachaint do litir an 11 Eanáir 2022 ón gCoiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe chuig an gCathaoirleach ar Chomhdháil Chathaoirligh na gCoistí,

— ag féachaint d'Airteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

— ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 4 (8), Airteagal 13(3), Airteagal 37(5), Airteagal 38(5) agus Airteagal 39(3) agus Airteagal 45, pointí (a) go (i), Airteagal 56, pointí (a), (b) agus (c), agus Airteagal 84, pointí (a) agus (b), de

— ag féachaint do Riail 111(6) dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don mholadh le haghaidh cinneadh ón gCoiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe,

— ag féachaint don fhíoras nach ndearnadh aon agóidí laistigh den tréimhse a leagtar síos i Riail 111(6), an tríú fleasc agus an ceathrú fleasc, dá Rialacha Nós Imeachta, ar tréimhse í a chuaigh in éag an 20 Eanáir 2022,

A. de bhrí go gceanglaítear le Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ar na Ballstáit Pleananna náisiúnta Straitéiseacha ("Pleananna Straitéiseacha CBT") a thíolacadh lena bhformheas ag an gCoimisiún;

B. de bhrí go dtugtar de chumhacht don Choimisiún le Rialachán (AE) 2021/2115 ceanglais bhreise a ghlacadh maidir le dearadh na n-idirghabhálacha atá le sonrú i bPleananna Straitéiseacha CBT, i réimse na n-íocaíochtaí díreacha, le haghaidh earnálacha talmhaíochta áirithe dá dtagraítear i Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) agus i réimse na forbartha tuaithe, chomh maith le rialacha comhchoiteanna do na réimsí sin a mhéid a bhaineann leis an gcóimheas i dtaca le caighdeán 1 maidir leis an dea-riocht talmhaíochta agus comhshaoil (GAEC);

C. de bhrí go bhfuil na Ballstáit leis na ceanglais bhreise sin go léir a mheas agus a bPleananna Straitéiseacha CBT á ndearadh acu ar gá iad a tharchur nó a dheimhniú chuig an gCoimisiún a luaithe is féidir;

([1]) Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 lena mbunaítear rialacha maidir le tacaíocht do phleananna straitéiseacha atá le tarraingt suas ag na Ballstáit faoin gcomhbheartas talmhaíochta (Pleananna Straitéiseacha CBT) agus le maoiniú ag an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1305/2013 agus (AE) Uimh. 1307/2013 (IO L 435, 6.12.2021, lch. 1).

([2]) Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001 agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 671).

Déardaoin 20. Eanáir 2022

D. de bhrí go leagtar síos sa rialachán tarmligthe na ceanglais bhreise maidir le cineálacha áirithe idirghabhála arna sonrú ag na Ballstáit ina bPleananna Straitéiseacha CBT don tréimhse 2023 go 2027, chomh maith le rialacha maidir leis an gcóimheas i dtaca le caighdeán 1 GAEC; de bhrí gurb iomchuí, dá bhrí sin, a mheas go bhfuil na ceanglais bhreise sin go hiomlán riachtanach agus práinneach anois;

1. á dhearbhú nach bhfuil aon agóidí á ndéanamh aici i gcoinne an rialacháin tharmligthe;

2. á threorú dá hUachtarán an cinneadh seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún.